Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

13817/23

LIMITE

POLCOM 220
WTO 155
AGRI 589
UD 210
UK 199

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0341(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |

**CINNEADH (AE) 2023/ ... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha
idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua
lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua
de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus
Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí
uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV
de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/...[1+] ón gComhairle an …[++], síníodh thar ceann an Aontais an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ('an Comhaontú'), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

PUBLIC

---

1 Cinneadh (AE) 2023/ ... ón gComhairle an… maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L …).

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 13816/23 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 13818/23.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú leasú a dhéanamh ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas[1], a síníodh an 17 Nollaig 2020 i ndáil le méid trí tharaif-chuóta agus foráil a dhéanamh maidir le cionroinnt na dtaraif-chuótaí a áirítear i Sceideal CLXXV AE a ghabhann leis an gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 181, 21.5.2021, lch. 3.

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar thar ceann an Aontais an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú')[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú[2].

PUBLIC

[1] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in... [cuir isteach tagairt IO do dhoiciméad ST 13818/23].

[+] Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 13818/23.

[2] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

PUBLIC